Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10719/22**

**ESE 1**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 258 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>An t-ochtú tuarascáil déag maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 agus maidir leis an staid a eascraíonn óna chur i bhfeidhm lena gcumhdaítear an tréimhse 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 258 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 258 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 7.6.2022
COM(2022) 258 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**An t-ochtú tuarascáil déag maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 agus maidir leis an staid a eascraíonn óna chur i bhfeidhm lena gcumhdaítear an tréimhse 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021**

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN COMHAIRLE**

**An t-ochtú tuarascáil déag maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 agus maidir leis an staid a eascraíonn óna chur i bhfeidhm lena gcumhdaítear an tréimhse 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021**

Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle maidir le córas faoi Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 10 de chuid na hIonstraime Aontachais[1] (dá ngairtear Rialachán na Líne Glaise anseo feasta), tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2004. Sainítear ann na téarmaí faoina bhfuil feidhm ag forálacha dhlí an Aontais maidir le gluaiseacht daoine, earraí agus seirbhísí trasna na líne idir limistéir Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn an rialtas rialú éifeachtach iontu agus na limistéir ina bhfuil an rialú sin aige. Chun éifeachtacht na rialacha sin a áirithiú, leathnaíodh cur i bhfeidhm na bhforálacha sin chun an teorainn idir na limistéir sin agus Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach na Ríochta Aontaithe (ESBA).[2]

Clúdaíonn an tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, bhí paindéim COVID-19 fós ag déanamh difear don Chipir.

In 2021, choinnigh an Coimisiún idirphlé cuiditheach ar bun le húdaráis ábhartha Phoblacht na Cipire agus le Riarachán an Limistéir Bunáite Fhlaitheasaigh (SBA) maidir le cur chun feidhme an Rialacháin, agus le Comhlachas Tionscail Turcach Cipireach.

## 1. TRASNÚ DAOINE

### 1.1. Trasnú ag pointí trasnaithe údaraithe

Cuireann an Rialachán creat dlíthiúil ar fáil maidir le trasnú Cipireach, saoránach eile de chuid an Aontais agus náisiúnach tríú tír a thrasnaíonn an Líne Ghlas (dá ngairtear 'an Líne' anseo feasta) ag pointí trasnaithe údaraithe. In 2021, tháinig méadú i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin ar an líon trasnuithe a rinne pobal Gréagach na Cipire agus pobal Turcach na Cipire araon.

De réir na sonraí ó Phóilíní Phoblacht na Cipire (dá ngairtear CYPOL anseo feasta), le linn na tréimhse tuairiscithe taifeadadh 695 702 thrasnú (roimhe sin bhí 397 717 ann) ag Cipirigh Ghréagacha agus 233 950 trasnú (roimhe sin bhí 176 769 ann) ag feithiclí de chuid Cipirigh Ghréagacha ó limistéir atá faoi smacht an rialtais chuig limistéir nach bhfuil faoi smacht éifeachtach Rialtas na Cipire. Le linn na tréimhse céanna, taifeadadh 513 291 trasnú de chuid phobal Turcach na Cipire (roimhe sin bhí 382 370 ann) agus 423 846 thrasnú d'fheithiclí de

[1] IO L 161, 30.4.2004, lch. 128. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. 685/2013 ón gComhairle an 15 Iúil 2013, IO L 196, 19.7.2013, lch. 1.

[2] Féach an tríú haithris d Rialachán na Líne Glaise.

chuid phobal Turcach na Cipire (roimhe sin bhí 225 735 ann) ó limistéir nach bhfuil faoi smacht éifeachtach Phoblacht na Cipire chuig limistéir atá faoi smacht éifeachtach an rialtais.[3]

Tháinig méadú freisin ar an líon saoránach de chuid an Aontais (seachas muintir na Cipire) agus ar an líon náisiúnach tríú tír a thrasnaíonn an Líne. Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne saoránaigh de chuid an Aontais (seachas muintir na Cipire) agus náisiúnaigh tríú tír 371 910 trasnú (bhí 106 624 ann roimhe seo) sa dá threo.

Ní áirítear sna figiúirí CYPOL thuasluaite sonraí faoi dhaoine agus faoi fheithiclí a thrasnaíonn ón gcuid thuaidh den Chipir ag na pointí trasnaithe Pergamos agus Strovilia, ceantair atá faoi údarás ESBA. Maidir leis an méid sin, thuairiscigh ESBA gur taifeadadh 200 625 trasnú a rinne na Cipirigh Ghréagacha (tharla 90 955 thrasnú roimhe sin) agus 119 527 dtrasnú (53 604 roimhe sin) d'fheithiclí Cipireacha Gréagacha go dtí an chuid thuaidh den Chipir. An tráth céanna, taifeadadh 300 643 thrasnú de mhuintir de chuid phobal Turcach na Cipire (236 346 roimhe seo) agus 197 106 thrasnú (155 955 a bhí ann roimhe sin) d'fheithiclí de chuid phobal Turcach na Cipire sa treo eile. Thairis sin, thrasnaigh 228 950 saoránach de chuid an Aontais (seachas muintir na Cipire) agus náisiúnach tríú tír an Líne sa dá threo.

In 2021, ba é 89 líon pearsanra CYPOL a bhí ag obair ag na pointí trasnaithe, i gcomparáid le 76 duine in 2020.

Dar leis na figiúirí a bhailigh pobal Turcach na Cipire in 2021, léiríodh méadú sa líon trasnuithe arna ndéanamh ag pobal Gréagach na Cipire go 1 013 778 (roimh sin bhí 495 448 ann) agus ag feithiclí de chuid phobal Gréagach na Cipire go 581 836 (roimhe sin bhí 278 338 ann) ó na limistéir faoi smacht an rialtais go dtí an chuid thuaidh den Chipir. Léiríodh iontu freisin méadú sa líon daoine de chuid phobal Turcach na Cipire a thrasnaíonn go 893 014 (roimhe sin bhí 685 671 ann) agus sa líon feithiclí de chuid phobal Turcach na Cipire go 479 474 (roimhe sin bhí 361 363 ann) sa treo eile. De réir na staitisticí arna gcur ar fáil, thrasnaigh 532 243 saoránach de chuid an Aontais (seachas muintir na Cipire) agus náisiúnach tríú tír ó na limistéir faoi smacht an rialtais chuig an gcuid thuaidh den Chipir (roimh sin bhí 335 934 ann).

Measadh gur léirigh an méadú ar thrasnuithe an filleadh de réir a chéile ar an ngnáthshaol laethúil tar éis na chéad bhliana den phaindéim, agus athoscailt na bpointí trasnaithe go léir le linn na bliana freisin. Ina theannta sin, tuairiscíodh gur spreag ráta malairte fabhrach an euro i gcoinne lira na Tuirce na Cipirigh Ghréagacha chun dul go dtí na limistéir nach bhfuil faoi smacht éifeachtach Rialtas Phoblacht na Cipire chun a gcuid siopadóireachta pearsanta a dhéanamh. Ar an taobh eile, tuairiscíodh freisin gur díspreagadh go leor daoine an Líne Ghlas a thrasnú mar gheall ar an gceanglas leanúnach ag pointí trasnaithe doiciméid a chur isteach ar stádas COVID-1.

---

[3] Ní choimeádann údaráis Phoblacht na Cipire taifid maidir le pobal Gréagach na Cipire a chur ar ais chuig na limistéir atá faoi smacht an rialtais ná maidir le pobal Turcach na Cipire a chur ar ais chuig an gcuid thuaidh den Chipir.

Bhí pointí trasnaithe áirithe fós ar fionraí ar bhonn sealadach ag tús na tréimhse tuairiscithe. Rinneadh an pointe trasnaithe ag Ledra Street a chur ar fionraí tar éis cinneadh ó Comhairle Airí Phoblacht na Cipire an 29 Feabhra 2020. Chuir muintir de chuid phobal Turcach na Cipire ar fionraí go sealadach na pointí trasnaithe Lefka-Apliki, Deryneia agus Kato Pyrgos-Karavostasi. Tar éis ráiteas ó bheirt cheannairí de chuid na Cipire arna eisiúint tríd na Náisiúin Aontaithe an 2 Meitheamh 2021, athosclaíodh gach pointe trasnaithe eile amhail ón 4 Meitheamh 2021.

I bhfianaise phaindéim leanúnach COVID-19, ceanglaíodh ar dhaoine a thrasnaíonn an Líne Ghlas i rith na tréimhse tuairiscithe doiciméid shonracha maidir lena stádas sláinte, amhail deimhnithe vacsaínithe nó torthaí thástálacha COVID-19 a thíolacadh lena n-iniúchadh. D'athraigh na riachtanais seo i rith na bliana i bhfianaise forbairtí sa phaindéim. D'eisigh an Coiste Teicniúil déphobail um Shláinte roinnt ráiteas d'fhonn na ceanglais sin a shioncrónú, ráitis a chuir Poblacht na Cipire agus pobal Turcach na Cipire san áireamh agus bearta á nglacadh ag pointí trasnaithe d'fhonn gníomhaíochtaí aontaobhacha a sheachaint.

Tuairiscíodh go raibh scuainí fada ann ag roinnt pointí trasnaithe. Cuireadh iad sin i leith an ghá le seiceálacha a dhéanamh ar dhoiciméid COVID-19 sa bhreis ar dhoiciméid aitheantais.

Níl thugann údaráis Phoblacht na Cipire cead do bhusanna de chuid na coda Turcaí den Chipir a bhfuil saoránaigh an Aontais Eorpaigh á n-iompar acu trasnú isteach i limistéir faoi smacht an rialtais toisc nach bhfuil doiciméid atá go hiomlán i gcomhréir leis an *acquis* eisithe ag údaráis Phoblacht na Cipire acu.

Lean Fórsa Síochána na Náisiún Aontaithe sa Chipir (UNFICYP) de bheith ag éascú cleachtas adhartha reiligiúnaigh ag an dá phobal.

### 1.2. Imirce neamhrialta trasna na Líne Glaise agus tearmann

Léirigh figiúirí CYPOL le haghaidh 2021 méadú ar an líon imirceach a thrasnaigh an Líne go neamhrialta ó na limistéir nach bhfuil faoi smacht éifeachtach Rialtas Phoblacht na Cipire isteach sna limistéir atá faoina rialú. In 2021, thrasnaigh 9 812 imirceach neamhrialta an Líne ar an mbealach sin; is iad seo a leanas na figiúirí coibhéiseacha le haghaidh 2020, 2019 agus 2018 faoi seach 4 857, 7 409 agus 4 451. Ba iad an tSiria (2 274), an Nigéir (1 445), Poblacht Dhaonlathach an Chongó (1 202), an Phacastáin (838) agus Camarún (765) príomhthíortha tionscnaimh na n-imirceach neamhrialta. Tá an imirce neamhrialta fós ina hábhar mór imní d'údaráis Phoblacht na Cipire.

As measc na 9 812 imirceach neamhrialta, rinne 87 % acu (81.5 % roimh sin) iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i bPoblacht na Cipire. Ba í an tSiria an tír thionscnaimh ar ar tháinig an líon is mó iarratasóirí (1 902).

Bhí CYPOL in ann daoine a shainaithint trí na critéir chéanna a úsáideadh sna blianta roimhe sin a úsáid, go príomha trí fhaisnéis ina ndoiciméid taistil agus sna ráitis ó na himircigh lena mbaineann. De réir an mheasúnaithe sin, beagnach gach imirceach a gabhadh sna limistéir a bhí faoi smacht an rialtais tar éis dóibh an Líne a thrasnú go neamhrialta, bhain siad an chuid thuaidh den Chipir Cipire amach tríd an Tuirc.

Chuir pobal Turcach na Cipire in iúl gur leanadh leis na hiarrachtaí sa chuid thuaidh den Chipir chun imirce neamhrialta a chosc. In 2021, cuireadh cosc ar 3 508 nduine[4] trasnú isteach sa limistéar den Chipir nach bhfuil faoi smacht an rialtais, agus 1 325 dhuine agus díbríodh 1 325 dhuine[5] a gabhadh laistigh den chuid thuaidh den Chipir.

Tháinig ionadaithe ón dá chomhphobal le chéile laistigh de Choiste Teicniúil déphobail um Choireacht agus Ábhair Choiriúla faoi choimirce na Náisiún Aontaithe. Mar leathnú an gcoiste seo, lean an dá phobal de bheith ag úsáid 'Joint Communications Room', rud a chuireann fóram ar fáil chun faisnéis a mhalartú maidir le hábhair choiriúla.

Dúirt CYPOL go raibh an comhar le ranna rialtais ábhartha eile de Phoblacht na Cipire agus riarachán ESBA an-mhaith.

*Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach (ESBA)*

Le linn na tréimhse tuairiscithe, lean údaráis ESBA de bheith ag cur na gceanglas sláinte céanna ag crosairí agus a chuir Poblacht na Cipire i bhfeidhm.

Tháinig méadú ar an imirce neamhrialta ó limistéir nach bhfuil faoi smacht rialtais na Cipire trí ESBA. In 2021, gabhadh 165 imirceach tar éis dóibh an Líne a thrasnú go neamhrialta.[6] Ní raibh cead trasnaithe ag 2 488 nduine, agus ba shaoránaigh Rúiseacha an líon is airde díobh (559). I gcomhréir le forálacha ábhartha an Phrótacail maidir le Limistéir Bunáite Fhlaitheasacha na Ríochta Aontaithe sa Chipir a ghabhann leis an gComhaontú maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, dhiúltaigh údaráis ESBA cead a thabhairt do náisiúnaigh eachtracha a tháinig tríd an gcuid thuaidh den Chipir an Líne Ghlas a thrasnú[7]. Cuireadh na daoine sin i dtreo pointí trasnaithe lasmuigh de ESBA chun dul faoi sheiceálacha de réir cheanglais iontrála Phoblacht na Cipire.

Lean oifigigh de chuid an Limistéir Bunáite Fhlaitheasaigh (SBA) de de rá gur chomhar den scoth bhí sa chomhar bhí acu le Poblacht na Cipire.

Lasmuigh de na pointí trasnaithe, rinne póilíní SBA patróil bunaithe ar riosca agus faisnéis chun dul i ngleic leis an imirce neamhrialta. Rinneadh forlíonadh ar na patróil sin ag Custaim SBA agus ag pearsanra míleata. Le linn na tréimhse tuairiscithe, úsáideadh ladrainn chun

---

4 Náisiúnaigh de réir tíre: An Tuirc: 635; An Nigéir: 488; An tSomáil: 413; An Congó: 226; An Phacastáin:171; eile: 1,575.

5 Náisiúnaigh de réir tíre: An tSiria: 610; An Tuirc: 225; An Nigéir: 130; An Phacastáin: 70; An Bhanglaidéis: 43; eile: 245.

6 As an 165 imirceach neamhrialta a tascradh laistigh de ESBA, rinne 154 acu iarratas ar thearmann agus cuireadh ar aghaidh chuig údaráis Phoblacht na Cipire iad. Cuirtear iad sin leis an líon iomlán daoine a thrasnaigh an Líne go neamhrialta agus tugtar miondealú de réir a náisiúntachta in Iarscríbhinn, Tábla VII.

7 Ní cheadaítear do náisiúnaigh tríú tír (seachas saoránaigh den Ríocht Aontaithe) dul trasna ach amháin má tá siad ag gabháil do ghníomhaíocht a bhaineann le cosaint nó más baill teaghlaigh duine iad atá ag gabháil do ghníomhaíocht den sórt sin.

faireachas a dhéanamh ar an Líne Ghlas agus rinneadh dhá fheithicil ceamara theirmigh agus dhá fheithicil tuilsolais a fháil agus a úsáideadh.

Tá sé thar a bheith deacair rialú a dhéanamh ar cheithre 'phointe trasnaithe neamhúdaraithe' i sráidbhaile Pergamos, nó gar dó, atá in úsáid ag cónaitheoirí agus feirmeoirí áitiúla. Mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo, is ábhar imní fós na 'pointí trasnaithe neamhúdaraithe' sin agus ba cheart teacht ar réiteach oiriúnach i gcomhréir le hAirteagal 7 den Phrótacal maidir le Limistéir Bunáite Fhlaitheasacha na Ríochta Aontaithe sa Chipir. Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne údaráis SBA seiceálacha spontáineacha ar dhaoine a úsáideann bóithre a nascann leis na pointí trasnaithe sin.

## 2. TRASNÚ EARRAÍ

### 2.1. Luach trádála

Faoi Airteagal 4 de Rialachán na Líne Glaise, féadfar earraí a thabhairt isteach ó limistéir nach bhfuil faoi smacht an rialtais i limistéir atá faoi smacht an rialtais, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir a leagtar amach in Airteagal 4[8] agus go bhfuil doiciméad ag gabháil leo arna eisiúint ag an gComhlachas Tráchtála Turcach Cipireach. De bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1480/2004 ón gCoimisiún[9], thug an Comhlachas Trádála Turcach Cipireach agus údaráis Phoblacht na Cipire tuarascáil mhíosúil ar chineál, ar mhéid agus ar luach na n-earraí ar eisíodh na doiciméid tionlacain ina leith.

De réir staitisticí a chuir an Comhlachas Trádála Turcach Cipireach ar fáil, ba é luach iomlán na n-earraí ar eisíodh doiciméid tionlacain ina leith EUR 6 836 060 (EUR 4 974 335 roimhe seo). I gcomparáid le 2020, is méadú 37 % é sin ar luach foriomlán na n-earraí ar eisíodh doiciméid tionlacain ina leith.

De réir na staitisticí arna soláthar ag Poblacht na Cipire, tháinig méadú 31 % ar luach iomlán trádála na n-earraí lenar ghabh doiciméid tionlacain agus a thrasnaigh an Líne iarbhír, go EUR 6 151 022 (bhí EUR 4 693 898 ann roimhe sin).

Cé nach gcumhdaítear iad faoi raon feidhme Rialachán na Líne Glaise, tháinig laghdú thart ar 39 % ar thrádáil ó limistéir atá faoi smacht an rialtais go dtí an chuid thuaidh den Chipir, ó EUR 694 281 in 2020 go EUR 420 253 in 2021, de réir figiúirí ó Chomhlachas Tráchtála agus Tionscail na Cipire. An trádáil ó limistéir atá faoi smacht an rialtais go dtí an chuid thuaidh den Chipir, is é sin 6.8 % den trádáil sa treo eile (14.8 % in 2020).

Lean an pobal Cipireach Turcach de bheith ag cur trádála i bhfeidhm atá mar an gcéanna le srianta Rialachán na Líne Glaise. D'aithin páirtithe leasmhara de chuig phobal Turcach na Cipire gurb í cosaint gnólachtaí áitiúla an phríomhchúis leis sin. Thairis sin, ní féidir earraí a

---

8 Leagtar amach i mír 1 d'Airteagal 4 nach mór na hearraí a fháil ina n-iomláine sna limistéir nach bhfuil faoi smacht éifeachtach Rialtas Phoblacht na Cipire nó go ndeachaigh siad faoina bpróiseáil nó faoina n-oibriú substaintiúil deireanach, a bhfuil údar maith léi ó thaobh na heacnamaíochta de, i ngnóthas a fheistítear chun na críche sin sna limistéir nach bhfuil faoi smacht éifeachtach Rialtas Phoblacht na Cipire.

9 Rialachán (CE) Uimh. 1480/2004 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2004, IO L 272, 20.8.2004, lch. 3.

thrádáil ó limistéir faoi smacht an rialtais go dtí an chuid thuaidh den Chipir ach ar eisiúint ‘ceadúnas allmhairiúcháin’. Ní chuirtear an ‘trádáil’ sin i bhfeidhm go comhsheasmhach i gcónaí, áfach.

## 2.2. An cineál earraí

In 2021, d’fhan cineáil na dtáirgí trádála cobhsaí de ghnáth. Ba iad ábhair thógála an t-ábhar ba mhó trádáilte, agus plaistigh, troscán agus iasc úr ina dhiaidh sin[10].

Tugadh isteach táirgí nua, amhail boird cúir polaistiréine leathnaithe, imlínte cruach agus alúmanaim, agus barraí agus doirse cruach.

## 2.3. Neamhrialtachtaí

Chuir Poblacht na Cipire dhá chás neamhrialtachta ar leith a tharla le linn na tréimhse tuairiscithe ar shúile an Choimisiúin.

Bhain an chéad chás le coinsíneacht cairéad agus rinne Saotharlann Ghinearálta Stáit Phoblacht na Cipire tástáil ar shamplaí díobh. Aithníodh sna tástálacha na hiarmhair lotnaidicíde lionúrón agus trí-aidhémheanó a bhí os cionn na teorann atá ceadaithe. Chuir an Coimisiún an Comhlachas Tionscail Turcach Cipireach ar an eolas, agus d’iarr an Comhlachas ar an táirgeoir gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha ábhartha agus na caighdeáin sábháilteachta sláinte ina n-iomláine.

Bhain an dara chás le coinsíneacht ológ agus rinne Saotharlann Ghinearálta Stáit Phoblacht na Cipire tástáil ar shamplaí díobh freisin. Aithníodh sna tástálacha na hiarmhar lotnaidicíde cipirmeitrin a bhí os cionn na teorann atá ceadaithe. Chuir an Coimisiún an Comhlachas Tráchtála Turcach Cipireach ar an eolas.

## 2.4. Bacainní agus deacrachtaí a bhaineann le gluaiseacht earraí

Tá bacainní ar thrádáil trasna na Líne fós ann, ar bacainní iad, dar leis an gCoimisiún agus oibreoirí de chuid phobal Turcach na Cipire, atá ina gcúis leis an leibhéal teoranta trádála atá ann faoi láthair.

Mar a luadh sna tuarascálacha roimhe seo[11], tá an tsaincheist maidir le feithiclí tráchtála de chuid phobal Turcach na Cipire a thrasnaíonn limistéir atá faoi smacht an rialtais fós le réiteach agus, go dtí seo, ní féidir le haon fheithicil tráchtála Chipireacha Thurcacha atá os cionn 7.5 tonna dul trasna na Líne mura bhfuil doiciméid a chomhlíonann go hiomlán an *acquis* arna n-eisiúint ag Poblacht na Cipire acu. Chuir údaráis Phoblacht na Cipire in iúl don Choimisiún go bhfuil diúscairtí curtha i bhfeidhm acu chun an próiseas a éascú do Chipirigh Thurcacha deimhnithe ródacmhainneachta agus ceadúnais tiomána ghairmiúla a fháil.

[10] Iarscríbhinn, Tábla IV.

[11] Féach, mar shampla, an naoú tuarascáil bhliantúil déag, an deichiú tuarascáil bhliaintúil déag, an t-aonú tuarascáil bhliaintúil déag, an dóú tuarascáil bhliaintúil déag, an tríú tuarascáil bhliaintúil déag, an ceathrú tuarascáil bhliaintúil déag, an cúigiú tuarascáil bhliaintúil déag, an séú tuarascáil bhliaintúil déag agus an seachtú tuarascáil bhliaintúil déag déag maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle agus an staid arna heascairt as a cur i bhfeidhm.

Chuirfeadh réiteach ar an tsaincheist go mór le leibhéal na trádála a mhéadú mar d'éascódh sé iompar earraí. Thairis sin, neartófaí an teagmháil idir oibreoirí eacnamaíocha na Cipire ar bhealach tábhachtach chun muinín idir an dá phobal a fheabhsú. Leanfaidh an Coimisiún de bheith i dteagmháil le húdaráis Phoblacht na Cipire agus le pobal Turcach na Cipire d'fhonn réiteach ar an tsaincheist sin a shainaithint.

Mar a tuairiscíodh sna blianta roimhe seo, ní cheadaíonn údaráis Phoblacht na Cipire trasnú táirgí bia phróiseáilte ná ábhair a bhíonn i dteagmháil le bia mar gheall ar ábhair imní a chuir seirbhísí sláinte in iúl maidir leis an bpróiseas táirgthe sa chuid thuaidh den Chipir. Dheimhnigh an Coimisiún do Phoblacht na Cipire go gceadaítear na táirgí sin faoin gcreat dlí is infheidhme an Líne Ghlas a thrasnú. Cé go bhféadfaidh údaráis Phoblacht na Cipire samplaí de na táirgí a thógáil ag pointí trasnaithe lena n-anailísiú tuilleadh, i gcomhréir le cur i bhfeidhm Rialachán na Líne Glaise, níor cheart dóibh cosc a chur le trasnú gach bia phróiseáilte. Is oth leis an gCoimisiún nach ndearnadh aon dul chun cinn le linn na tréimhse tuairiscithe maidir leis an tsaincheist sin a réiteach. Tá imní ar an gCoimisiún i gcónaí maidir le saincheist an bhia phróiseáilte agus leanfaidh sé de thabhairt faoin gceist sin le húdaráis Phoblacht na Cipire.

Faoi mar a tharla sna blianta roimhe seo, lean trádálaithe de phobal Turcach na Cipire de bheith ag tuairisciú deacrachtaí maidir lena dtáirgí a stocáil i siopaí agus maidir le fógraíocht a dhéanamh ar a dtáirgí agus ar a seirbhísí i limistéir faoi smacht an rialtais, rud a chuireann bac le trádáil. Leanann trádálaithe de thuairisciú ar easpa éilimh ó thomhaltóirí de phobal Gréagach na Cipire ar tháirgí Turcacha na Cipire. Ina theannta sin, luadh go bhfuil roinnt fadhbanna riaracháin ag trádálaithe ón dá phobal nuair is mian leo dul i mbun gnó leis an bpobal eile; Mar shampla, bíonn deacracht ag muintir Turcach na Cipire atá ag trádáil ar fud na Líne Glaise cuntais a oscailt le bainc sna limistéir atá faoi smacht an rialtais.

## 2.5. SMUIGLEÁIL EARRAÍ

Mhair an smuigleáil earraí de bheith ann, rud a léiríonn a dheacra atá sé gluaiseachtaí neamhrialta a rialú trasna na Líne.

In 2021, rinne Poblacht na Cipire 1 518 urghabháil earraí smuigleáilte (roimhe seo 494), is é sin méadú 207 %. Tháinig méadú ar smuigleáil táirgí talmhaíochta agus táirgí ainmhithe agus déiríochta. Tháinig méadú suntasach ar an líon toitíní agus tobac lámhrollta a ghabh Poblacht na Cipire ag an Líne Ghlas: 246 460 toitín agus 165160 g de thobac lámhrollta (78 620 toitín agus 103 135 g roimhe sin). Ina theannta sin, urghabhadh 55 470 cartús toitíní leictreonacha agus 79 025 g de thobac *narghile* freisin. I measc na nithe eile a urghabhadh bhí alcól, gluaisteáin, breosla, earraí a sháraíonn cearta maoine intleachtúla, cógais agus lotnaidicídí. Tugadh ceithre ionchúiseamh i leith smuigleála sa Chúirt Dúiche. Ba iondúil gur trí phionós riaracháin agus forghéilleadh a ghearradh a déileáladh le cásanna a bhain le smuigleáil cainníochtaí beaga toitíní.

In 2021, thaifead údaráis ESBA méadú suntasach ar an líon urghabhálacha earraí arna smuigleáil laistigh den ESBA; Rinneadh 516 urghabháil i gcomparáid le 138 n-urghabháil in 2020.

A mhéid a bhaineann leis an soláthar traidisiúnta do mhuintir shráidbhaile Pyla, is é sin daonra Turcach na Cipire, atá lonnaithe sa chrios maolánach (Airteagal 4 (10) Rialachán na Líne Glaise), rinne riarachán ESBA faireachán agus taifead ar chainníochtaí na n-ábhar tógála, na n-iasc, na dtoitíní etc..

### 2.6. Trádáil a éascú

Lean an Coimisiún de bhealaí a lorg chun trádáil a fheabhsú ar fud na Líne.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, thug an Coimisiún faoi phlé le húdaráis Phoblacht na Cipire. Bhí plé ag an gCoimisiún freisin leis an gComhlachas Tráchtála Turcach Cipireach maidir le Halloumi/Hellim.

An 12 Aibreán 2021, ghlac an Coimisiún dhá bheart a raibh sé i gceist leo éifeacht a thabhairt don chomhthuiscint maidir le réiteach sealadach maidir le Halloumi/Hellim, rud a bheadh le cur chun feidhme go dtí go n-athaontófar an Chipir, agus a comhaontaíodh faoi threoir an Uachtaráin Juncker le linn dó cuairt a thabhairt ar an gCipir an 16 Iúil 2015. Is iad seo a leanas na bearta: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/591 ón gCoimisiún lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint ('Χαλλούμι' (Halloumi)/'Hellim' (PDO)); agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/586 ón gCoimisiún lena leasaítear Cinneadh 2007/330/CE lena gcuirtear deireadh le toirmisc ar ghluaiseacht táirgí áirithe ainmhithe ar oileán na Cipire faoi Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle agus lena leagtar síos coinníollacha maidir le gluaiseacht na dtáirgí sin i dtaca le 'Χαλλούμι' (Halloumi)/'Hellim' (PDO).

Lean roinnt coinsíneoirí Turcacha d'iasc úr de bheith ag tuairisciú deacrachtaí maidir leis na sprioc-amanna a leagtar síos le haghaidh cigireachtaí tréidliachta ar éisc úra a chomhlíonadh ag an bpointe trasnaithe Agios Dhometios.

Molann an Coimisiún d'oibreoirí eacnamaíocha leas a bhaint as deiseanna gnó agus is díol sásaimh dó na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Comhlachas Tráchtála agus Tionscail na Cipire agus ag an gComhlachas Tráchtála Turcach Cipireach.

In 2021, lean an Coimisiún de shaineolaithe ó Bhallstáit an Aontais a úsáid tríd an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise (TAIEX) chun tacaíocht a thabhairt don trádáil ar fud na Líne Glaise, de réir an tsainordaithe a leagtar amach i Rialachán na Líne Glaise. Bhí saineolaithe TAIEX páirteach i gcigireachtaí fíteashláintíochta rialta a dhéanamh ar phrátaí agus ar tháirgí citris, i samplaí meala a thógáil lena n-anailísiú, agus i liosta cothrom le dáta a tháirgeadh de na soithí ar féidir a ngabháil a thrádáil ar fud na Líne Glaise.

### 2.7. Earraí comhphobail arna dtabhairt ar ais go dtí na limistéir atá faoi smacht éifeachtach Rialtas Phoblacht na Cipire tar éis dul trí na limistéir nach bhfuil faoina smacht éifeachtach.

Thuairiscigh údaráis Phoblacht na Cipire gur tógadh 1 741 ítim ar ais go dtí na limistéir faoi smacht rialtais tar éis dul trí na limistéir nach bhfuil faoi smacht an rialtais.

## 3. CONCLÚIDÍ

In 2021, athosclaíodh na pointí trasnaithe ar fad na Líne Glaise, cé gur ceanglaíodh ar dhaoine a thrasnaíonn an Líne doiciméid éagsúla a bhaineann le COVID-19 a chur i láthair, amhail deimhnithe vacsaínithe nó torthaí tástála. Bhí méadú suntasach i dtrasnuithe daoine, ach níor baineadh amach na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim.

Mhéadaigh an líon daoine a thrasnaíonn an Líne go neamhrialta go curiarracht nua in 2021. Is cúis mhór imní fós í an imirce neamhrialta do Phoblacht na Cipire.

In 2021, tháinig méadú 31 % ar an luach trádála trasna na Líne ó EUR 4 693 898 go EUR 6 151 022. Tháinig méadú 37 % ar luach na n-earraí ar eisíodh doiciméid tionlacain ina leith ó EUR 4 974 335 go EUR 6 836 060. Ba iad ábhair thógála an t-ábhar ba mhó trádáilte, agus plaistigh, troscán agus iasc úr ina dhiaidh sin.

Lean Comhlachas Tráchtála agus Tionscail na Cipire agus an Comhlachas Tráchtála Turcach Cipireach de bheith ag comhoibriú d'fhonn sochair eacnamaíocha a thabhairt don dá phobal.

Bhí constaicí áirithe ar thrádáil fós ann. Lean Poblacht na Cipire air gan cead a thabhairt feithiclí tráchtála Turcacha na Cipire os cionn 7.5 tona trasnú. Thairis sin, ní cheadaíonn Poblacht na Cipire trasnú táirgí bia phróiseáilte ná ábhair a bhíonn i dteagmháil le bia mar gheall ar ábhair imní a chuir seirbhísí sláinte in iúl maidir leis an bpróiseas táirgthe sa chuid thuaidh den Chipir. Dheimhnigh an Coimisiún do Phoblacht na Cipire go gceadaítear na táirgí sin faoin gcreat dlí is infheidhme an Líne Ghlas a thrasnú. Is oth leis an gCoimisiún nach ndearnadh aon dul chun cinn le linn na tréimhse tuairiscithe maidir leis na saincheisteanna sin a réiteach. Tá imní ar an gCoimisiún i gcónaí maidir le cur chun feidhme ceart Rialachán na Líne Glaise a mhéid a bhaineann le bia próiseáilte agus leanfaidh sé de bheith i dteagmháil le húdaráis Poblacht na Cipire chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Ar an iomlán, cé go leanann Rialachán na Líne Glaise de bhunús inoibrithe a chur ar fáil chun ligean do dhaoine agus d'earraí gluaiseacht chuig na limistéir sin atá faoi smacht an rialtais i bPoblacht na Cipire agus ó na limistéir sin freisin, tá imní ar an gCoimisiún i gcónaí gur ar leibhéal íseal a dhéantar an trádáil i gcoitinne. Dá gcuirfí deireadh leis na bacainní ar thrádáil a luaitear sa tuarascáil se, measann an Coimisiún go méadófaí trádáil ar fud na Líne Glaise. Tá súil ag an gCoimisiún go dtiocfaidh méadú ar na naisc eacnamaíocha leis an obair a dhéanfaidh an dá Chomhlachas chun teagmhálacha idir an dá phobal gnó a fheabhsú.

I bhfianaise an mhéid sin, tá an Coimisiún ag brath i gcónaí ar an dea-chomhar le Poblacht na Cipire agus le SBA chun cur chun feidhme éifeachtach Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle a áirithiú. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin.